

RIALACHÁN (AE) 2022/1290 ÓN gCOIMISIÚN**an 22 Iúil 2022**

lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar i gcás aimeatochtraidine, clóirmeacuat, dóidín, nicitín, próifeanafos agus víreas polaihéadróise núicléach ilchaipsideach *Spodoptera exigua* (SeMNPV), aonraíoch BV-0004, i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 5(1) agus Airteagal 14(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás aimeatochtraidine agus dóidín, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (“MRLanna”) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás clóirmeacuat agus nicitín, leagadh MRLanna síos i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcás próifeanafos, leagadh MRLanna síos in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcás víreas polaihéadróise núicléach ilchaipsideach *Spodoptera exigua* (SeMNPV), aonraíoch BV-0004, níor leagadh síos aon MRL sonracha i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ná níor cuireadh an tsubstaint sin san áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, agus mar sin tá feidhm ag an luach réamhshocráithe 0,01 mg/kg a leagadh síos in Airteagal 18(1)(b) de.
- (2) I gcomhthéacs nós imeachta maidir le húdarú a dhéanamh ar tháirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach aimeatochtraidin a úsáid ar bharr, substaint a d'fhéadfadh a bheith mealltach do bheatha agus a bhféadfadh iarmhair a bheith i mil mar thoradh uirthi, cuireadh iarratas isteach de bhun hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar an MRL atá ann cheana a mhodhnú.
- (3) A mhéid a bhaineann le dóidín, cuireadh iarratas isteach de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú i leith torthaí citris.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar an dá iarratas sin agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
- (5) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí atá ann don tomhaltóir agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe ⁽²⁾. Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.
- (6) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais uile maidir le hiomláine na sonraí a cuireadh isteach, agus go raibh na modhnuithe ar MRLanna a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Leis an gconclúid sin, chuir an tÚdarás an fhaisnéis is déanaí faoi airíonna tocsaineolaíoch na substaintí san áireamh. Léiríodh nach baol do dhuine an iontógáil laethúil inghlactha a shárú, ná an ghéardháileog thagartha a shárú, de bharr ceachtar den dá rud seo: teagmháil ar feadh a shaoil leis na substaintí sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfaidís a bheith iontu, ná teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh.

⁽¹⁾ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

⁽²⁾ Tá na tuarascálacha eolaíoch seo a leanas ó EFSA ar fáil ar líne: <http://www.efsa.europa.eu>:

Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue level for ametocradin in honey. [Tuairim réasúnaithe ar an uasleibhéil iarmhar atá ann faoi láthair a mhodhnú maidir le haimeatochtraidin i mil]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(11):6943.

Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue levels for dodine in citrus fruits. [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh dóidín i dtorthaí citris a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(11):6950.

- (7) I gcás clóirmeacuat, leagadh síos MRLanna sealadacha le Rialachán (AE) 2019/1561 ⁽³⁾ le haghaidh beacáin oisreach agus le Rialachán (AE) 2017/693 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ le haghaidh fungais saothraithe ar 6 mg/kg agus ar 0,9 mg/kg faoi seach. Bhí na MRLanna sealadacha sin bunaithe ar shonraí faireacháin lena léirítear go raibh iarmhair ann ar fhungais shaothraithe neamhchóireáilte ar leibhéal níos airde ná an teorainn cinnidh mar gheall ar thraséilliú fungais saothraithe le tuí a chóireáiltear go dleathach le clóirmeacuat. Leagadh síos na MRLanna sealadacha sin go dtí an 13 Aibreán 2021, ar feitheamh sonraí faireacháin a bheith curtha isteach maidir le teacht chun cinn na substainte sin sna táirgí lena mbaineann.
- (8) Chuir an tÚdarás agus oibreoirí gnó bia sonraí faireacháin a bhí ann le déanaí isteach lena léirítear go dtagann iarmhair clóirmeacuat chun cinn fós i mbeacáin oisreach agus i bhfungais saothraithe ar leibhéal atá níos airde ná an teorainn cinnidh. Chuir saothróirí beacáin in iúl don Choimisiún staidéar leanúnach amháin chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal éillithe beacáin oisreach agus fungas saothraithe eile. Ós rud é go dtabharfar an staidéar i gcrích in 2022 agus go gcuirfeadh na sonraí a bhailítear faoi bhráid an Choimisiúin ansin, is iomchuí leanúint de bhailíocht na MRLanna sealadach sin a shíneadh go ceann bliana eile ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.
- (9) Le Rialachán (AE) 2017/693, leagadh síos MRLanna sealadacha do chlóirmeacuat freisin le haghaidh píorraí ag 0,07 mg/kg, mar gheall ar shonraí faireacháin a léiríonn marthanacht sna crainn mar thoradh ar úsáidí roimhe seo. Leagadh síos an MRL sealadach sin go dtí 13 Aibreán 2021, ar feitheamh sonraí faireacháin a bheith curtha isteach maidir le teacht chun cinn na substainte sin sa táirge lena mbaineann. Chuir an tÚdarás, na Ballstáit agus oibreoirí gnó bia sonraí faireacháin a bhí ann le déanaí isteach lena léirítear go dtagann iarmhair na substainte sin chun cinn fós i bpiorraí ar leibhéal atá níos airde ná an teorainn cinnidh. Is iomchuí, dá bhrí sin, leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar leibhéal clóirmeacuat i bpiorraí agus bailíocht an MRL shealadaigh sin a shíneadh ar feadh seacht mbliana ó fhoilsiú an Rialacháin seo.
- (10) I gcás nicitín, leag an Coimisiún MRLanna sealadacha síos le Rialachán (AE) 2017/978 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ maidir le fungais fhiáine (ceapa tirime agus beacáin fhiáine thriomaithe seachas ceapa) go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2021, ar feitheamh sonraí agus faisnéis nua a bheith curtha isteach maidir le tarlú nádúrtha nicitín nó foirmiú nicitín sna táirgí i dtrácht, agus ar feitheamh meastóireacht a bheith déanta orthu sin. Níl fianaise eolaíoch críochnaitheach ann chun a léiriú go dtarlaíonn nicitín go nádúrtha sna táirgí lena mbaineann ná chun míniú a thabhairt ar conas a fhoirmíonn sé. Chuir an tÚdarás agus oibreoirí gnó bia sonraí faireacháin a bhí ann le déanaí isteach lena léirítear go dtagann iarmhair na substainte sin chun cinn fós sna táirgí sin ar leibhéal atá níos airde ná an teorainn cinnidh. Is iomchuí, dá bhrí sin, leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar leibhéal nicitín sna táirgí sin agus bailíocht na MRLanna sealadacha sin a shíneadh ar feadh seacht mbliana ó fhoilsiú an Rialacháin seo.
- (11) I gcás próifeanafos, leagadh síos MRL sealadach le Rialachán (AE) 2017/978 le haghaidh peitil róis go dtí 18 Deireadh Fómhair 2021, ar feitheamh sonraí faireacháin a bheith curtha isteach maidir le teacht chun cinn na substainte sin sa táirge lena mbaineann. Chuir an tÚdarás agus oibreoirí gnó bia sonraí faireacháin a bhí ann le déanaí isteach lena léirítear go dtagann iarmhair na substainte sin chun cinn fós i bpeitil róis ar leibhéal atá níos airde ná an teorainn cinnidh. Is iomchuí, dá bhrí sin, leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar leibhéal próifeanafos i bpeitil róis agus bailíocht an MRL shealadaigh sin a shíneadh ar feadh seacht mbliana ó fhoilsiú an Rialacháin seo.
- (12) Iarratas ar an tsubstaint ghníomhach víreas polaihéadróise núicléach ilchairsideach *Spodoptera exigua* (SeMNPV), aonraíoch BV-0004, a fhorhmeas, cuireadh faoi bhráid Ballstáit é i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾. Rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Rialachán sin. Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas, agus thug sé conclúid ar an athbhreithniú piaraí a rinneadh ar an measúnú riosca lotnaidicíd ar an

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2019/1561 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéal iarmhar clóirmeacuat i bhfungais saothraithe (IO L 240, 18.9.2019, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2017/693 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéal iarmhar déthreasánól, clóirmeacuat agus teabúifeinpiorad i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 101, 13.4.2017, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2017/978 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéal iarmhar i gcás fluaipioram; hexachlorocyclohexan (HCH), alfa-isiméir; hexachlorocyclohexan (HCH), béite-isiméir; hexachlorocyclohexan (HCH), suim isiméirí, seachas an gáma-isiméir; liondán (hexachlorocyclohexan (HCH), gáma-isiméir); nicitín agus próifeanafos i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 151, 14.6.2017, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

tsubstaint ghníomhach ⁽⁷⁾, agus chuir sé in iúl go bhfuil víreas polaihéadróise núicléach ilchaipsideach *Spodoptera exigua* (SeMNPV), aonraíoch BV-0004, incháilithe lena áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Is iomchuí, dá bhrí sin, an tsubstaint sin a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

- (13) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe agus na gconclúidí ón Údarás, agus na fachtóirí ábhartha atá liostaithe in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, comhlíonann na modhnuithe ábhartha ar na MRLanna ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (14) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (15) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽⁷⁾ Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance *Spodoptera exigua* multicapsid nucleopolyhedrovirus (SeMNPV). [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i ndáil leis an tsubstaint ghníomhach víreas polaihéadróise núicléach ilchaipsideach *Spodoptera exigua* (SeMNPV)]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19 (10):6848.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh aimeatochtraidine agus dóidín:

"IARSCRÍBHINN II

Iarmhair lotnaidicíde agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Cód uimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ⁽⁴⁾	Aimeatochtraidin (R) (F)	Dóidín
0100000	TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN		
0110000	Torthaí citris	0,01 (*)	1,5
0110010	Seadóga		
0110020	Oráistí		
0110030	Líomóidí		
0110040	Líomaí		
0110050	Mandairíní		
0110990	Eile (2)		
0120000	Cnónna crainn	0,01 (*)	0,01 (*)
0120010	Almóinní		
0120020	Cnónna Brasaíleacha		
0120030	Cnónna caisiú		
0120040	Castáin		
0120050	Cnónna cócó		
0120060	Cnónna coill/cobnuts		
0120070	Macadaimia		
0120080	Cnónna peacáin		
0120090	Eithní cnónna péine		

0120100	Cnónna pistéise		
0120110	Gallchnónna		
0120990	Eile (2)		
0130000	Torthaí póma	0,01 (*)	
0130010	Úlla		0,9
0130020	Piorraí		0,9
0130030	Cainchí		5
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach		5
0130050	Locuatanna		5
0130990	Eile (2)		0,9
0140000	Torthaí cloiche	0,01 (*)	
0140010	Aibreoga		0,1
0140020	Silíní (iad milis)		3
0140030	Péitseoga		0,1
0140040	Plumaí		0,01 (*)
0140990	Eile (2)		0,01 (*)
0150000	Caora agus torthaí beaga		0,01 (*)
0151000	(a) fíonchaora	6	
0151010	Fíonchaora boird		
0151020	Fíonchaora fíona		
0152000	(b) sútha talún	0,01 (*)	
0153000	(c) torthaí cána	0,01 (*)	
0153010	Sméara dubha		
0153020	Eithreoga		
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)		
0153990	Eile (2)		
0154000	(d) torthaí beaga eile agus caora eile	0,01 (*)	
0154010	Fraocháin		
0154020	Mónóga		

0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		
0154050	Mogóirí róis		
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		
0154080	Caora troim		
0154990	Eile (2)		
0160000	Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil	0,01 (*)	
0161000	(a) craiceann inite		
0161010	Dátaí		0,01 (*)
0161020	Figí		0,01 (*)
0161030	Ológa boird		20
0161040	Cumcuait		0,01 (*)
0161050	Torthaí réaltúla		0,01 (*)
0161060	Dátphlumaí Seapánacha		0,01 (*)
0161070	Plumaí láva		0,01 (*)
0161990	Eile (2)		0,01 (*)
0162000	(b) craiceann do-ite, é beag		0,01 (*)
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		
0162020	Lítsíonna		
0162030	Páiseoga		
0162040	Piorraí deilgneacha		
0162050	Réalt-úlla		
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		
0162990	Eile (2)		
0163000	(c) craiceann do-ite, é mór		
0163010	Abhacáid		0,01 (*)
0163020	Bananaí		0,5
0163030	Mangónna		0,01 (*)

0163040	Papánna		0,01 (*)
0163050	Pomagránaití		0,01 (*)
0163060	Céiriomoighe		0,01 (*)
0163070	Guábhaí		0,01 (*)
0163080	Anainn		0,01 (*)
0163090	Torthaí aráin		0,01 (*)
0163100	Duraígh		0,01 (*)
0163110	Úlla deilgneacha		0,01 (*)
0163990	Eile (2)		0,01 (*)
0200000	GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE		
0210000	Glasraí fréimhe agus tiúbair		0,01 (*)
0211000	(a) prátaí	0,05	
0212000	(b) glasraí fréimhe agus tiúbair thrópaiceacha	0,05	
0212010	Casabhaigh		
0212020	Prátaí milse		
0212030	Ionaim		
0212040	Ararút		
0212990	Eile (2)		
0213000	(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra	0,01 (*)	
0213010	Meacain bhíatais		
0213020	Meacain dhearga		
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		
0213040	Meacain ragaim		
0213050	Bliosáin ghréine		
0213060	Meacain bhána		
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		
0213080	Raidisí		
0213090	Salsabh		
0213100	Svaeideanna		

0213110	Tornapaí		
0213990	Eile (2)		
0220000	Glasraí bleibíní		0,01 (*)
0220010	Gairleog	1,5	
0220020	Oinniúin	1,5	
0220030	Seallóidí	1,5	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	20(+)	
0220990	Eile (2)	0,01 (*)	
0230000	Glasraí a thugann torthaí		0,01 (*)
0231000	(a) Solanaceae agus Malvaceae		
0231010	Trátaí	2	
0231020	Piobair	1,5	
0231030	Ubhthorthaí	2	
0231040	Ocra	1,5	
0231990	Eile (2)	1,5	
0232000	(b) guird a bhfuil craiceann inite acu		
0232010	Cúcamair	2	
0232020	Gircíní	3	
0232030	Cúirséid	3	
0232990	Eile (2)	3	
0233000	(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu	3	
0233010	Mealbhacáin		
0233020	Puimcíní		
0233030	Mealbhacáin uisce		
0233990	Eile (2)		
0234000	(d) arbhar milis	0,01 (*)	
0239000	(e) glasraí eile a thugann torthaí	0,01 (*)	

0240000	Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)		0,01 (*)
0241000	(a) praiseach bhlátha	9	
0241010	Brocailí		
0241020	Cóilis		
0241990	Eile (2)		
0242000	(b) praiseach chinn		
0242010	Bachlóga Bruiséile	9	
0242020	Cabáistí cinn	15	
0242990	Eile (2)	0,01 (*)	
0243000	(c) praiseach dhuilleach		
0243010	Cabáistí Síneacha	60	
0243020	Cáil	50	
0243990	Eile (2)	0,01 (*)	
0244000	(d) cálráibí	9	
0250000	Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite		
0251000	(a) leitísí agus plandaí sailéid		0,01 (*)
0251010	Ceathrúna uain	70	
0251020	Leitísí	50	
0251030	Searbháin muc	50	
0251040	Biolair agus eascróga agus péacáin eile	50	
0251050	Biolair thalún	50	
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	50	
0251070	Mustard dearg	50	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	50	
0251990	Eile (2)	0,01 (*)	
0252000	(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla	60	0,01 (*)
0252010	Spionáistí		
0252020	Puirsleáin		
0252030	Seardas/duilleoga biatais		

0252990	Eile (2)		
0253000	(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla	50	0,01 (*)
0254000	(d) biolair uisce	50	0,01 (*)
0255000	(e) sreabháin na Beilge	0,01 (*)	0,01 (*)
0256000	(f) luibheanna agus bláthanna inite		0,02 (*)
0256010	Costóg	50	
0256020	Síobhas	40	
0256030	Duilleoga soilire	40	
0256040	Peirsil	40	
0256050	Sáiste	40	
0256060	Marós	40	
0256070	Tím	40	
0256080	Basal agus bláthanna inite	40	
0256090	Duilleog labhrais	40	
0256100	Dragan	40	
0256990	Eile (2)	40	
0260000	Léagúim	0,01 (*)	0,01 (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		
0260050	Lintilí		
0260990	Eile (2)		
0270000	Glasraí gais		0,01 (*)
0270010	Lus súpach	0,01 (*)	
0270020	Cardúin	0,01 (*)	
0270030	Soilirí	20	
0270040	Finéal Fhlórans	20	
0270050	Bliosáin chruinne	0,01 (*)	

0270060	Cainneanna	5	
0270070	Biabhóg	0,01 (*)	
0270080	Péacáin bhambú	0,01 (*)	
0270090	Croíthe pailme	0,01 (*)	
0270990	Eile (2)	0,01 (*)	
0280000	Fungais, caonaigh agus léicin	0,01 (*)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe		
0280020	Fungais fhiáine		
0280990	Caonaigh agus léicin		
0290000	Algaí agus orgánaigh phrócaróit	0,01 (*)	0,01 (*)
0300000	PISEÁNAIGH	0,01 (*)	0,01 (*)
0300010	Pónairí		
0300020	Lintilí		
0300030	Piseanna		
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní		
0300990	Eile (2)		
0400000	OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ	0,01 (*)	
0401000	Olashíolta		0,01 (*)
0401010	Ros lín		
0401020	Piseanna talún		
0401030	Síolta poipín		
0401040	Síolta seasamain		
0401050	Síolta lus na gréine		
0401060	Síolta ráibe/síl chánóil		
0401070	Pónairí soighe		
0401080	Síolta mustaird		
0401090	Síolta cadáis		
0401100	Síolta puimcín		
0401110	Síolta cróch bhréige		

0401120	Síolta borraíste		
0401130	Caimilín		
0401140	Síolta cnáibe		
0401150	Pónairí ricne		
0401990	Eile (2)		
0402000	Olathorthaí		
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola		20
0402020	Eithní pailme ola		0,01 (*)
0402030	Torthaí pailme oila		0,01 (*)
0402040	Capac		0,01 (*)
0402990	Eile (2)		0,01 (*)
0500000	GRÁNAIGH	0,01 (*)	0,01 (*)
0500010	Eorna	(+)	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		
0500030	Arbhar Indiach/arbhar		
0500040	Muiléad coiteann		
0500050	Coirce	(+)	
0500060	Rís		
0500070	Seagal	(+)	
0500080	Sorgam		
0500090	Cruithneacht	(+)	
0500990	Eile (2)		
0600000	TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB	0,05 (*)	0,05 (*)
0610000	Taenna		
0620000	Pónairí caife		
0630000	Insiltí luibhe ó		
0631000	(a) bláthanna		
0631010	Camán meall		
0631020	Roiseog		

0631030	Rós		
0631040	Seasmain		
0631050	Teile		
0631990	Eile (2)		
0632000	(b) duilleoga agus luibheanna		
0632010	Sú talún		
0632020	Rooibos		
0632030	Maité		
0632990	Eile (2)		
0633000	(c) fréamhacha		
0633010	Caorthann corraigh		
0633020	Ginsing		
0633990	Eile (2)		
0639000	(d) aon chuid eile den phlanda		
0640000	Pónairí cócó		
0650000	Carúib		
0700000	LEANNLUSANNA	90(+)	0,05 (*)
0800000	SPÍOSRAÍ		
0810000	Spíosraí ó shíolta	0,05 (*)	0,05 (*)
0810010	Ainís		
0810020	Calaindí		
0810030	Soilire		
0810040	Lus an choire		
0810050	Cuimín		
0810060	Lus mín		
0810070	Finéal		
0810080	Feinigréag		
0810090	Noitmig		
0810990	Eile (2)		

0820000	Spíosraí ó thorthaí	0,05 (*)	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó		
0820020	Piobar Szechuan		
0820030	Cearbhas		
0820040	Cardamam		
0820050	Caor aitul		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		
0820070	Fanaile		
0820080	Tamarain		
0820990	Eile (2)		
0830000	Spíosraí ó choirt	0,05 (*)	0,05 (*)
0830010	Cainéal		
0830990	Eile (2)		
0840000	Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm		
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)		
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)		
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850000	Spíosraí ón mbachlóg	0,05 (*)	0,05 (*)
0850010	Clóibh		
0850020	Caprais		
0850990	Eile (2)		
0860000	Spíosraí ó phistil bláthanna	0,05 (*)	0,05 (*)
0860010	Cróch		
0860990	Eile (2)		
0870000	Spíosraí arail	0,05 (*)	0,05 (*)
0870010	Maicis		
0870990	Eile (2)		

0900000	PLANDAÍ SIÚCRA	0,01 (*)	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatais siúcra		
0900020	Cánaí siúcra		
0900030	Fréamhacha siocaire		
0900990	Eile (2)		
1000000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN		
1010000	Tráchtearraí ó		0,01 (*)
1011000	(a) mucra	0,03 (*)	
1011010	Matán	(+)	
1011020	Saill	(+)	
1011030	An t-ae	(+)	
1011040	An duán	(+)	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1011990	Eile (2)		
1012000	(b) bó-ainmhithe		
1012010	Matán	0,03 (*) (+)	(+)
1012020	Saill	0,03 (*) (+)	(+)
1012030	An t-ae	0,04 (+)	(+)
1012040	An duán	0,03 (*) (+)	(+)
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,03 (*)	
1012990	Eile (2)	0,03 (*)	
1013000	(c) caoirigh	0,03 (*)	
1013010	Matán	(+)	(+)
1013020	Saill	(+)	(+)
1013030	An t-ae	(+)	(+)
1013040	An duán	(+)	(+)
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1013990	Eile (2)		

1014000	d) gabhair	0,03 (*)	
1014010	Matán	(+)	(+)
1014020	Saill	(+)	(+)
1014030	An t-ae	(+)	(+)
1014040	An duán	(+)	(+)
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1014990	Eile (2)		
1015000	(e) each-ainmhithe		
1015010	Matán	0,03 (*) (+)	
1015020	Saill	0,03 (*) (+)	
1015030	An t-ae	0,04 (+)	
1015040	An duán	0,03 (*) (+)	
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,03 (*)	
1015990	Eile (2)	0,03 (*)	
1016000	(f) éanlaith chlóis	0,03 (*)	
1016010	Matán	(+)	
1016020	Saill	(+)	
1016030	An t-ae	(+)	
1016040	An duán	(+)	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1016990	Eile (2)		
1017000	(g) ainmhithe talún feirme eile	0,03 (*)	
1017010	Matán		
1017020	Saill		
1017030	An t-ae		
1017040	An duán		
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1017990	Eile (2)		

1020000	Bainne	0,03 (*)	0,01 (*)
1020010	Eallach	(+)	(+)
1020020	Caoirigh	(+)	(+)
1020030	Gabhar	(+)	(+)
1020040	Capall	(+)	
1020990	Eile (2)		
1030000	Uibheacha éan	0,03 (*)	0,01 (*)
1030010	Sicín	(+)	
1030020	Lacha	(+)	
1030030	Géanna	(+)	
1030040	Gearg	(+)	
1030990	Eile (2)		
1040000	Mil agus táirgí beachadóireachta eile (7)	5	0,05 (*)
1050000	Débheathaigh agus Reiptílí	0,03 (*)	0,01 (*)
1060000	Ainmhithe inveirteabracha talún	0,03 (*)	0,01 (*)
1070000	Ainmhithe veirteabracha talún fiáine	0,03 (*)	0,01 (*)
1100000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)		
1200000	TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)		
1300000	TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)"		

(*) Léiríonn an teorainn cinnidh anailísigh níos ísle

(**) Comhcheangal cód lotnaidicídí a bhfuil feidhm ag an MRL a leagtar amach i Iarscríbhinn III Cuid B maidir leis

(†) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Aimeatochtraidín (R) (F)

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil leis an gcomhcheangal códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Aimeatochtraidín – cód 1000000 seachas 1040000: Aimeatochtraidín, an mheitibilít aigéad butánóch 4-(7-aimín-5-eitil[1,2,4]trí-asóla[1,5-a]pirimidin-6-il) (M650F01) agus an mheitibilít aigéad heacsánóch 6-(7-aimín-5-eitil[1,2,4]trí-asóla[1,5-a]pirimidin-6-il) (M650F06), arna sloinneadh mar aimeatochtraidín

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi iarmhair i mbarra uainíochta sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0500070 Seagal

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0700000 LEANLUSANNA

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0220040 Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil

Tá roinnt faisnéise faoi iarmhair i mbarra uainíochta sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0500010 Eorna

0500050 Coirce

0500090 Cruithneacht

Tá roinnt faisnéise faoi chobhsaíocht stórála agus faoi staidéir bheathaithe sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

1012010 Matán

1012020 Saill

1012030 An t-ae

1012040 An duán

1015010 Matán

1015020 Saill

1015030 An t-ae

1015040 An duán

Tá roinnt faisnéise faoi chobhsaíocht stórála sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

1011010 Matán

1011020 Saill

1011030 An t-ae

1011040 An duán

1013010 Matán

1013020 Saill

1013030 An t-ae

1013040 An duán

1014010 Matán

1014020 Saill

1014030 An t-ae

1014040 An duán

1016010 Matán

1016020 Saill

